# Polasaí Obair Bhaile

Is é polasaí na scoile obair bhaile a thabhairt ar bhonn rialta. Déanfaidh na múinteoirí iarracht an obair bhaile a chur in oiriúint do chaighdeán na bpáistí. Tugtar obair bhaile agus obair léitheoireachta do na daltaí ón Luan go dtí an Deardaoin. Anois is arís, mar phribléid, bronntar pas obair bhaile ar pháiste/pháistí.

**Obair don pháiste faoi threoir an tuismitheora**
Is tríd an obair bhaile a dhéantar na coincheapanna a dhaingniú agus an obair a chleachtadh. Is le cabhair an tuismitheora a thugtar faoin obair seo.

**Cén Uair?**
Moltar am speisialta a leagan amach don abair bhaile. Is fearr i bhfad a oibreoidh an páiste tar éis tréimhse shúgartha, sosa agus scíthe.

**Cén Fhad?**

| | |
|---|---|
| Naíonáin Bheaga | 10-15 nóiméad |
| Naíonáin Mhóra | 15 – 25 nóiméad |
| Rang a 1 & 2 | gan dul thar 30 nóiméad |
| Rang a 3 & 4 | 30 - 45 nóiméad |
| Rang a 5 | 45 nóiméad - uair a chloig |
| Rang a 6 | 1½ uair a chloig ar a mhéid |

**Cén Fáth?**

- Chun na coincheapanna a dhaingniú agus an obair a athchleachtadh
- Chun tuiscint an pháiste ar an obair scoile agus inniúlacht scileanna a thástáil
- Féinsmacht a chothú sa pháiste
- Chun freagracht a chothú sa leanbh
- Chun go gcleachtóidh an páiste obair as stuaim féin
- Chun cleachtadh a thabhairt don pháiste ar eagrúchán
- Chun a páiste a ullmhú d'obair a bheith ag teacht, msh tionscraimh & rl
- Chun cur le heolas an pháiste ar obair scoile
- Chun go mbeadh a fhios ag an tuismitheoir cén obair atá ar siúl sa rang
- Chun go bhféadfadh tuismitheoir spéis a léiriú in obair an pháiste
- Chun cabhrú leis an tuismitheoir dul chun cinn an linbh a mheas

**Cur chuige**

**Na Naíonáin**
Tá sé fíorthábhachtach go labhródh an tuismitheoir/caomhnóir an mhéid Gaeilge agus is féidir leis an bpáiste sa bhaile. Ceistigh iad faoi imeachtaí an lae, na dánta, na hamhráin, na scéalta a

d’fhoghlaim siad mar shampla: “An raibh tú ag súgradh sa chlós?”, “An raibh tú ag péinteáil/dathú?”, “Ar inis an múinteoir scéal?”, “Ar fhoghlaim tú amhrán/dán?”, “An raibh tú ag rince?”

- Réitigh scéal i nGaeilge le do pháiste gach oíche, abairt nó dhó ag tús na bliana agus scéal níos faide de réir mar a thagann feabhas ar an líofacht. Mar shampla: “Chuaigh mé go dtí an siopa inné le mo mhamaí. Cheannaigh mamaí leabhar dom”. “Tá mamó tinn. Tá sí sa leaba.”
- Maidir leis an léitheoireacht, éist le do pháiste ag léamh. Labhair faoin bpictiúr, mínigh na focail más gá agus sínigh an leathanach atá greamaithe ar chúl an leabhair.
- Léigh agus inis scéalta do do pháiste.

**Rang 1 - 6**

Is féidir obair bhaile a thabhairt mar seo a leanas – léitheoireacht, litriú, táblaí, obair scríofa, obair de ghlanmheabhair, ag tarraingt/ag dathú, ag bailiú eolais agus ag críochnú obair ranga. Tá an léitheoireacht agus an fhoghlaim de ghlanmheabhair mar chuid thábhachtach den obair bhaile. Is féidir leis an tuismitheoir cabhair a thabhairt trí éiseacht leis an obair atá curtha de ghlanmheabhair ag an bpáiste agus a chinntiú go bhfuil an obair déanta go maith. Tá dialann obair bhaile ag an bpáiste ina bhfuil an obair bhaile scríofa. Déanann an páiste an obair scríofa sna cóipleabhair éagsúla do na hábhair éagsúla. Moltar do thuismitheoirí an méid Gaeilge agus is féidir a labhairt lena bpáiste sa bhaile. Nuair atá an obair bhaile ar siúl déan a gcuid oibre a phlé leis na páistí i nGaeilge, ag cabhrú leo le foclóir, gramadach agus litriú.

## Treoir don Tuismitheoir

- An páiste a chur ag obair in áit chiúin, saor ó chur isteach ón dteilifís, ón radio, ó pháistí eile agus ó thorann.
- Teorann ama a thabhairt don pháiste de réir an méid oibre atá le déanamh aige.
- Aire an pháiste a dhíriú ar a chuid oibre - súil a choimeád uirthi/air, féachaint an bhfuil sé/sí ag obair (nach ag broingléid nó ag meilt ama atá sé/sí).
- An páiste a spreagadh chun é/í féin a eagrú don obair bhaile, na leabhair agus trealamh a bheith acu, tic a chur sa dialann obair bhaile nuair atá an obair bhaile déanta acu.
- Dearcadh dearfach i leith obair bhaile i ngach ábhar a chothú i do pháiste.
- An ceacht baile a sheiceáil agus an dialann (R1 - R6) a shíniú nuair atá tú sásta go bhfuil an obair déanta go slachtmhar agus an iarracht is fearr déanta ag an leanbh.
- Muna bhfuil do pháiste ábalta an ceacht baile a dhéanamh, fiú amháin le cabhair bheag uait féin, ba chóir é a fhágáil agus nóta a scríobh chuig an múinteoir sa dialann.
- Is féidir leat iarraidh ar an bpáiste obair scríofa a dhéanamh in athuair muna bhfuil tú sásta leis an gcéad iarracht.
- Déan cinnte de go bhfuil gach rud atá ag teastáil ó do pháiste aige/aici don chéad lá scoile eile.

## Ná déan an obair bhaile don pháiste

Is é ról na dtuismitheoirí ná an páiste a spreagadh agus súil a choimeád ar an obair bhaile. Má tá an obair sásúil, sínigh an Dialann.

## Ba chóir do dhaltaí

- An obair bhaile a scríobh isteach sa dialann obair bhaile go cúramach.
- A chinntiú go dtógann siad abhaile na leabhair agus na cóipleabhair atá ag teastáil chun an obair bhaile a dhéanamh.
- A ndícheall a dhéanamh i gcónaí leis an obair bhaile.
- An obair bhaile scríofa a dhéanamh go slachtmhar agus go néata.
- Aon rud, msh leabhar, alt agus araile a bheadh suimiúil don rang a thabhairt isteach más mian leo.

## Ba chóir do mhúinteoirí

- Obair bhaile a thabhairt, a cheartú agus aiseolas faoin obair bhaile a thabhairt do na daltaí nuair is gá.
- Súil a choinneáil ar an obair bhaile chun daltaí le deacrachtaí a aithint.

## Cé chomh minic agus a cheartaíonn an múinteoir an obair bhaile

Ceartaíonn an múinteoir an obair bhaile gach lá más féidir. I gcás ranganna móra áfach, ní féidir leis an múinteoir gach dialann a sheiceáil gach lá. De réir mar a théann páistí in aois agus ag obair as a stuaim féin, ní cheartítear gach ábhar gach lá. Is féidir le daltaí obair bhaile a sheiceáil uaireanta faoi stiúir an mhúinteora. Cothaíonn an próiséas seo féinmhuinín agus freagracht sa pháiste.

## Nuair nach ndéantar an obair bhaile

Nuair nach ndéantar an obair bhaile go rialta déanann an múinteoir teagmháil le tuismitheoirí an pháiste chun an fhadhb a réiteach. Má leanann an fhadhb ar aghaidh, cuirfear an Príomhoide ar an eolas agus rachaidh an sé/sí i dteagmháil le tuismitheoirí an pháiste. Eagróidh sí/sé cruinniú leis na tuismitheoirí chun an fhadhb a réiteach.

## Ócáidí go dtugtar Pas Obair Bhaile

**Ócáidí Spóirt**

**Cluiche Ceathrú Ceannais agus Leathcheannais** Moltar gan obair scríofa a thabhairt don bhfoireann agus deis a thabhairt don rang an obair a thosú roimh deireadh an lae.

**Cluiche Ceannais** Má tá an fhoireann peile páirteach sa chluiche Ceannais, tugtar pas obair bhaile don scoil ar fad.

**Lúthchleasaíocht** Má tá sí ar siúl le linn lá scoile níl pas i gceist.

**Corn Mortons** Laghdú ar an obair bhaile do na ranganna atá páirteach**.** Má fhaigheann siad an bua tugtar pas obair bhaile don scoil ar fad.

Pas obair bhaile faoi dhiscréid an mhúinteora nó an Phríomhoide i rith na bliana.

# Homework Policy

It is the school's policy to give homework regularly, at a level appropriate to the child's ability. Homework and reading are given to the child from Monday to Thursday. Now and then, in special circumstances, a child/children may be given a homework pass.

## Working under the parent's supervision

It is through homework that concepts and ideas thought in the classroom are reinforced. The parent's supervision is an important part of doing homework.

## When?

A set time should be allocated for homework. A period of brisk exercise helps the brain perform more efficiently.

## How long?

| | |
|---|---|
| Naíonáin Bheaga | 10-15 minutes |
| Naíonáin Mhóra | 15 – 25 minutes |
| Rang a 1 & 2 | not to exceed minutes |
| Rang a 3 & 4 | 30 - 45 minutes |
| Rang a 5 | 45 minutes – 1 hour |
| Rang a 6 | not to exceed 1½ hours |

## Why?

- To reinforce and practice work already done in class
- To test the child's understanding of work covered or competence skills
- To develop self-discipline
- To give the child responsibility
- To help the child work independently
- To develop organisational skills
- As a preparation for coming classwork, eg. projects etc
- To add to the child's information
- To act as a home/school link – to make the parent aware of the current classwork
- To provide a means by which parents can become more actively involved in their child's education
- To help parents assess their child's progress

## Approach

### Na Naíonáin

- Prepare a story or news item with your child every evening, one or two sentences in Junior

Infants and a longer story as the child's fluency improves. Speak to your child in Irish – question him/her about the schoolday (examples above); discuss any topics of interest with your child i nGaeilge. Use your dictionary.

- Always listen to your child reading. Discuss the picture, ask your child to explain the words, to put them into other contexts etc. sign the relevant lines on the page attached to the book.
- Read and tell stories to the child

**Rang 1 – 6**

Homework will regularly contain reading, spellings, tables, written work, pieces to be learned by heart, drawing/colouring, collecting information and finishing work started in class. Reading and learning pieces off by heart is an important aspect of the homework. Parents can play an important role in listening to reading and items to be learned, ensuring that this work is done well. The children enter the homework in the homework journal. The child does the homework in the relevant copies. We recommend that parents speak in Irish as much as possible to the children at home. Its is very important that parents discuss the homework with their children in Irish helping them with vocabulary, spelling and grammar.

## Guidelines for Parents

- To work efficiently your child needs peace, quiet and a suitable place in which to study free from distractions (TV, noise, children etc).
- Having reviewed the amount of homework given to the child, the parent should allow a certain time in which to do it.
- Help develop the child's concentration skills by ensuring that the child is working the allocated time, not daydreaming or wasting time.
- Encourage children to organise themselves for homework. Have all books and materials to hand. The pupil should have the Dialann Obair Bhaile open to tick off work as it is completed.
- Encourage a positive attitude towards homework in all subjects from an early age.
- Check the child's homework and if it is completed to your satisfaction sign the Dialann Obair Bhaile (R1 - R6).
- If the child experiences difficulty with the homework or fails to understancd it having had help from you, the teacher should be informed by writing a note in the Dialann Obair Bhaile.
- You may ask your child to re-write or re-do homework that is not properly done or is not presentable.
- Check that the child has all the necessary books, homework journals, copies, pencils, mathematical equipment, dictionary, PE clothes needed for the next school day.

## Don't do your child's homework for them

The parent's role is one of encouragement, observation and review of completed work, not one of doing the homework, and if the standard and neatness of the work is to your satisfaction sign the Dialann Obair Bhaile.

## Guidelines for children

- Children should write homework in the Dialann Obair Bhaile neatly and carefully
- They should ensure that they take home the appropriate book and copies
- They should always do their best
- Written work should be done neatly
- Children can bring in to school any articles, books that would be suitable and interesting for the class if they so wish.

## How often is is homework corrected?

The teacher corrects homework every day if possible. In large classes it may not be possible to check each homework diary every day. As the child gets older and learns to work by themselves, all subjects may not be corrected every day. The children can sometimes correct their own work, under the teacher's guidance. This process allows the child to grow in self-confidence and responsibility.

## When homework is not done

When homework is not done on a continuous basis, the teacher will contact with the child's parents, in an effort to resolve the problem. If the issue persists, the Principal will be informed. She/he will meet with the parents.

## Occasions when a homework pass is given

**Sports**

**Quarter Finals and Semi-Finals** The team will be given a pass on written homework and the rest of the class will be given an opportunity to start homework before the end of the day.

**Finals** If the team reach the finals, the whole school will get a homework pass

**Athletics** If the children have athletics during the school day, they do not get a homework pass

**Morton's Cup** Participating classes will be given less homework than usual. If they win, the whole school will get a homework pass.

The class teacher or Principal may give a discretionary homework pass during the year.